

Clár na nÁbhar

		Leathanach
13	Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha	1188
13.1	Réamhrá	1188
13.2	Modheolaíocht	1188
13.3	An Timpeallacht Ghlactha	1197
13.4	Tréithe na Forbartha atá beartaithe	1228
13.5	Meastóireacht ar Thionchair	1228
13.6	Bearta Maolaithe	1233
13.7	Tionchair Iarmharacha	1235
13.8	Achoimre	1237
13.9	Tagairtí	1275

13 Seandálaíocht, Oidhreacht Ailtireachta agus Chultúrtha

13.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo de Thuarascáil MTT déantar breithmheas ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe, dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar an fhorbairt bóthair atá beartaithe, faoin teideal seandálaíocht, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha.

Ar dtús leagtar amach sa chaibidil seo an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an breithmheas a dhéanamh (**Cuid 13.2**), déantar tuairisc ar an timpeallacht ghlactha (**Cuid 13.3**), agus déantar achoimre ar phríomhthréithe na forbartha bóthair atá beartaithe, tréithe a bhaineann leis an tseandálaíocht, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha (**Cuid 13.4**). Tugtar tuairisc ar mheastóireacht na dtionchar a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar sheandálaíocht agus ar an oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha (**Cuid 13.5**), ar na bearta maolaithe chun dul i ngleic leis na tionchair seo (**Cuid 13.6**), agus ar na tionchair iarmharacha (**Cuid 13.7**). Ag deireadh na caibidile tugtar achoimre (**Cuid 13.8**) agus tagairtí (**Cuid 13.9**).

Sa chaibidil seo úsáideadh eolas a bailíodh sna staidéir ar na srianta agus ar roghnú bealaí don fhorbairt bóthair atá beartaithe mar threoir don bhreithmheas tionchair ar an seandálaíocht, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha. i **gCuid 4.11, 6.5.6** agus **7.6.6** den **Tuarascáil Roghnú Bealaigh**, rinneadh iniúchadh ar an srianta seandálaíochta agus oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha laistigh de limistéar staidéir na scéime. Rinneadh comparáid idir na tionchair fhéideartha seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha a bhaineann leis na roghanna éagsúla bealaí. Cuireann na codanna as an Tuarascáil Roghnú Bealaigh, leis an dearadh don fhorbairt bóthair atá beartaithe, a ndéantar breithmheas air sa chaibidil seo. Chomh maith leis sin rinneadh mionanailís ar na hacmhainní seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha, lena n-áirítear iniúchadh iomlán allamuigh, a phléitear thíos.

13.2 Modheolaíocht

13.2.1 Réamhrá

Ag baint úsáide as modhanna oiriúnacha staidéir déantar cinneadh, chomh fada agus is féidir as na taifid atá ann, maidir leis an gcineál acmhainn oidhreachta cultúrtha atá laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe agus sa chónagaracht. Mínítear measúnú deisce mar chláir staidéir ar an gcomhshaol stairiúil laistigh de limistéar nó láithreán ar leith, a théann i ngleic le taighde comhaontaithe agus/nó cuspóirí caomhnaithe. Déantar anailís ar eolas i scríbhinn, grafach, fótagrafach agus leictreonach chun na sócmhainní dóchúla oidhreachta a aithint, an méid suime agus tábhachta a bhaineann leo agus tréithe an limistéar staidéir a aithint, lena n-áirítear

suíomhanna na sócmhainní oidhreachta (ISA¹ 2012). Seo a leanas na pointí uaidh sin:

- Cinneadh maidir leis na láithreáin seandálaíochta atá ar eolas agus na láithreáin oidhreachta tógtha a d'fhéadfaí teacht faoi thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe
- Measúnú ar an dóchúlacht go n-aimseofaí iarsmaí seandálaíochta neamhthairfeadta agus an obair thógála air siúl
- Cinneadh maidir leis an tionchar ar shuíomh na láithreán oidhreachta cultúrtha sa limistéar máguaird (an timpeallacht ghlachtha)
- Bearta maolaithe atá molta bunaithe ar thorthaí an taighde thuas

Rinneadh taighde don Tuarascáil MTT in dhá chéim. Sa chéad chéim rinneadh suirbhé páipéir ar na foinsí uile seandálaíochta, ailtireachta, stairiúla agus cartagrafacha atá ar fáil. Sa dara céim rinneadh staidéar allamuigh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Sa staidéar rinneadh mionscrúdú ar nádúr seandálaíochta, stairiúil agus ailtireachta na timpeallacht glachtha den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Curtha san áireamh anseo bhí eolas ó Thairfead Séadchomharthaí agus Áiteanna Chontae na Gaillimhe, ó Phleananna Forbartha an Chontae agus na Cathrach, ó chomhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann agus ó thairfid chartagrafacha agus dhoiciméadacha. Ceadaíodh aerfótagraif den limistéar staidéir freisin. Rinneadh staidéir allamuigh ar feadh bealaigh na forbartha bóthair atá beartaithe i Mí na Nollag 2015 agus i Mí Iúil 2016 chun aon láithreán oidhreachta a bhí ar eolas cheana, a aithint chomh maith le gnéithe neamhthairfeadta go dtí sin, agus struchtúir agus fríotha iniompartha laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe.

Mínítear an timpeallacht ghlachtha mar limistéar tuairim is 250m i bhfairsinge ó imeall (teorainn na forbartha atá beartaithe) na forbartha bóthair atá beartaithe² Tógtar na tomhais ó theorainn na forbartha atá beartaithe chomh fada le hiarsmaí láithreáin nó struchtúir atá ina seasamh. Aon áit nach bhfuil iarsmaí ina seasamh tógtar an tomhas chomh fada le lár an láithreáin, mar a léirítear i **bhFíoracha 13.1 go 13.14**.

13.2.2 Reachtaíocht agus Treoirlínte

Rinneadh an staidéar de réir an Chóid Chleachtais a comhaontaíodh idir Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán (an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois- DoCHG) agus Treoirlínte EPA agus nótaí faisnéise (2003 & 2017).

Mar chuid den mheasúnú ceadaíodh an reachtaíocht, na caighdeáin agus na treoirlínte seo a leanas freisin.

- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014

¹ Institiúid Seandálaithe Allamuigh

² I dtreoirlínte NRA (leathanach 57) moltar íosmhéid de 50m ar gach aon taobh de lár líne an bhóthair.

- Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2017
- Acht Oidhreachta, 1995, arna leasú
- Treoirlínte ar an eolas le bheith sna Ráitis Tionchair Timpeallachta, 2003, EPA
- Nótaí Faisnéise ar Chleachtas Reatha (mar ullmhúchán do na Ráitis Tionchair Timpeallachta), 2003, EPA
- Dréachtnótaí Faisnéise ar Chleachtas Reatha (ullmhúchán do na Ráitis Tionchair Timpeallachta), 2015, EPA
- Treoirlínte ar an eolas le bheith sna Ráitis Tionchair Timpeallachta, 2015, EPA
- Treoirlínte ar an eolas le bheith sna tuarascálacha ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (Dréacht- Lúnasa 2017), EPA
- Creat agus Prionsabail um Chosaint na hOidhreachta Seandálaíochta, 1999, (tráth dá raibh) An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán
- Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 2000 agus An tAcht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 2000
- An Cód Cleachtas um Sheandálaíocht, comhaontaithe idir an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois) agus Bonneagar Iompair Éireann, Iúil 2017
- Treoirlínte um Measúnú ar Thionchair Seandálaíochta & Oidhrecht Ailtireachta na Scéimeanna Náisiúnta Bóithre, 2005, NRA

13.2.3 Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin

13.2.3.1 Comhairliúcháin

Nuair a bhí an taighde tosaigh déanta chuathas i gcomhairle le comhlachtaí reachtúla agus comhlachtaí deonacha chun níos mó eolais a fháil ar chúlra cultúrtha na timpeallachta glactha agus an limistéar staidéir, mar seo a leanas:

- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta - Rannóg na Seirbhíse Oidhreachta, na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Maoine Stairiúla: Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna; Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí; Bunachar Séadchomharthaí faoi Chúram Stáit; Orduithe Caomhnaithe; Clár Séadchomharthaí Stairiúla
- Ard-Mhúsaem na hÉireann, Rannán Seaniarsmaí na hÉireann: comhaid thopagrafacha na hÉireann
- Fardal Náisiúnta Oidhrecht Ailtireachta: Contae na Gaillimhe
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe: An Rannóg Pleanála
- An Limistéar staidéir agus Bailiú Sonraí Bonnline

13.2.3.2 Suirbhé Páipéir

Is cuardach doiciméad é seo. Rinneadh iniúchadh ar na foinsí seo a leanas agus rinneadh liosta de na limistéir a bhféadfaí tábhacht seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta agus chultúrtha a bheith ag baint leo:

- Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna i gContae na Gaillimhe
- Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí i gContae na Gaillimhe
- Bunachar Séadchomharthaí faoi Chúram Stáit
- Orduithe Caomhnaithe
- Clár Séadchomharthaí Stairiúla
- Comhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann
- Foinsí cartagrafacha agus i scríbhinn a bhaineann leis an limistéar staidéir
- Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2011 – 2017 & 2017 – 2023
- Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007 – 2017
- Fardal Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta Chontae na Gaillimhe (Suirbhé Ailtireachta agus Gairdíní)
- Aerfótagraif
- Bullaitín Tochailtí (1970 – 2016)
- Anailís Logainmneacha

De réir forálacha in **Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP)** Cuid 12 (1) d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú 1994) déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán (an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta anois) taifead séadchomharthaí agus áiteanna (RMP), a bhfuiltear ar an eolas fúthu, a bhunú agus a chothabháil. Sa taifead tá liosta de na séadchomharthaí agus na háiteanna ábhartha chomh maith le léarscáileanna a thaispeánann gach séadchomhartha agus gach áit ábhartha i ngach contae sa Stát. Faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta tugtar cosaint reachtúil do na láithreáin atá liostaithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. Sa bhreithmheas seo tagraítear do na séadchomharthaí taifeadta mar Láithreáin Oidhreacht Seandálaíochta (láithreáin AH).

Sa **Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR)** tá fianaise dhoiciméadach agus taifid d'iniúchtaí allamuigh ar na láithreáin seandálaíochta agus na séadchomharthaí uile atá ar eolas. Tá eolas bailithe freisin faoi láithreáin seandálaíochta agus faoi shéadchomharthaí, nach bhfuil a suíomh beacht ar eolas m.sh. níl sa taifead ach an cineál láithreáin agus an baile fearainn. I Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta aithnítear na láithreáin seo mar 'láithreáin neamhshuite' agus ní féidir cosaint reachtúil a thabhairt dóibh. De bharr seo fágтар ar lár iad as an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. Tá liosta de na láithreáin SMR ar shuíomh idirlín faoi chúram DoCHG - www.archaeology.ie. Sa mheasúnú

seo tagraítear do na séadchomharthaí taifeadta uile mar Láithreáin Oidhreacht Seandálaíochta (láithreáin AH).

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil leasuithe don RMP agus don SMR beartaithe; liostálfar roinnt láithreán mar ‘iomarcach’ agus molfar iad a bhaint den taifead agus molfar láithreáin eile a aimsíodh as an nua a chur ar an taifead. Tá cuid de na láithreáin thaifeadta laistigh de thimpeallacht ghlactha na forbartha bóthair atá beartaithe sa chatagóir seo. Toisc go bhfuil na leasuithe fós le déanamh, tá na láithreáin RMP/SMR ar fad ar liosta na láithreán AH sa mheasúnú seo agus tugtar na sonraí ábhartha maidir le nádúr agus fairsinge gach láithreáin.

Bunachar Séadchomharthaí Náisiúnta faoi Chúram an Stáit: liosta de na séadchomharthaí náisiúnta uile atá faoi choimirce nó i seilbh an Stáit. Tugtar uimhir Séadchomhartha Náisiúnta do gach ceann agus déantar tuairisc ghearr air, cé acu faoi choimirce nó i seilbh an stáit é.

Tugtar cosaint reachtúil do gach Séadchomhartha Náisiúnta agus déantar tuairisc air mar ‘séadchomhartha no iarsma séadchomhartha gur fiú don náisiún é a bhuanchoimeád toisc a shuimiúla atá sé maidir le cúrsaí staire, ailtireachta, béaloidis, ealaíon, no ársaíochta’ (Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930, Alt 2).

Is féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil (an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta anois) Séadchomharthaí Náisiúnta a fháil trí chomhaontú nó trí ordú chun iad a thógáil go héigeantach. Is féidir leis an Stát nó leis an Údarás Áitiúil aon Séadchomhartha Náisiúnta a ghlacadh faoi choimirce (ach amháin áitribh). Is féidir le húinéirí Shéadchomharthaí Náisiúnta (ach amháin áitribh) an tAire nó an tÚdarás Áitiúil a cheapadh mar chaomhnóir an tséadchomhartha má chomhaontaíonn an Stát nó an tÚdarás Áitiúil. Nuair atá an láithreán i seilbh nó faoi choimirce an Stáit, ní fhéadtar cur isteach air gan cead i scríbhinn ón Aire. Níl aon Séadchomhartha Náisiúnta suite laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe ná sa timpeallacht ghlactha.

Is féidir **Liosta Orduithe Caomhnaithe** agus/nó Orduithe Caomhnaithe Sealadacha a shannadh do láithreán nó láithreáin a mheastar a bheith i mbaol díobhála nó scriosta. Dáiltear na horduithe faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930. Tá sé neamhdhleathach cur isteach ar láithreán atá faoi Ordú Caomhnaithe. Is féidir Orduithe Caomhnaithe Sealadacha a shannadh faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1954. Tá an fheidhm chéanna acu is atá ag Ordú Caomhnaithe ach tá teorainn ama sé mhí leo, ina dhiaidh sin ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás. Is féidir obair a dhéanamh ar láithreáin nó i gcóngarach láithreán atá faoi Orduithe Caomhnaithe le cead i scríbhinn, agus de rogha an Aire (DoCHG). Tá measúnú á dhéanamh ar cheithre láithreán atá faoi Orduithe Caomhnaithe laistigh de thimpeallacht ghlactha na forbartha bóthair atá beartaithe. Sa mheasúnú seo tagraítear dóibh mar Láithreáin Oidhreacht Seandálaíochta (láithreáin AH).

Bunaíodh an **Clár Séadchomharthaí Stairiúla** faoi Alt 5 de Leasú 1987 ar Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta, 1930 agus cuireann sé ceangal ar an Aire clár mar sin a bhunú agus a choinneáil. Faoin leasú ar Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1987, tugtar cosaint reachtúil do shéadchomharthaí stairiúla agus do láithreáin seandálaíochta atá sa chlár. Sa chlár chomh maith tá láithreáin atá faoi Orduithe

Caomhnaithe agus faoi Orduithe Caomhnaithe Sealadacha. Tá na séadchomharthaí cláraithe uile sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Is é **Comhaid thopagrafacha Ard-Mhúsaem na hÉireann** an chartlann náisiúnta de na fríotha aitheanta ar fad atá cláraithe ag an Ard-Mhúsaem. Baineann an chartlann seo go príomha le déantáin ach déantar tagairt freisin do shéadchomharthaí agus do thaifid uathúla ar thochailtí roimhe. Maidir leis na háiteanna ina n-aimsítear déantáin, is foinsí tábhachtacha eolais iad maidir le láithreáin shuntasacha seandálaíochta a aimsiú.

Tá **foinsí tábhachtacha cartagrafacha** chun teacht ar an bhforbairt atá déanta ar úsáid talún laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus sa timpeallacht ghlactha. Chomh maith leis sin cuirtear eolas topagrafach ar fáil maidir le limistéir a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach ó thaobh na seandálaíochta agus cuirtear eolas ar fáil maidir le tógáil foirgneamh. Rinneadh anailís chartagrafach ar na léarscáileanna ábhartha chun aimhrialtachtaí topagrafacha nó struchtúir nach bhfuil sa tírdhreach a thuilleadh a aithint. Cuireadh iarthearainneacha agus teorainneacha reatha bhailte fearainn agus pharóistí san áireamh.

Liostaítear thíos na láithreáin uile a aithníodh san anailís chartagrafach agus a d'fhéadfadh fiúntas seandálaíochta nó oidhreacht ailtireachta a bheith ag baint leo mar láithreáin Oidhreacht Chultúrtha (CH) sa mheasúnú seo. Liostaítear teorainneacha na mbailte fearainn mar TB 1,2 srl. Sa mheasúnú seo déantar tagairt do na limistéir le fiúntas seandálaíochta (agus foinsí eile lena n-áirítear iniúchadh allamuigh) a aithníodh san anailís chartagrafach mar AAP.

Ar na foinsí cartagrafacha a ceadaíodh tá:

- Léarscáil Barúntachta an Down Survey de Ghailimh (1654-1656)
- Léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis 6” agus 25” de Chontae na Gaillimhe (1841, 1895-1900, 1928-29,)

Ceadaíodh **foinsí doiciméadacha** chun eolas cúlra a bhailiú ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha sa timpeallacht ghlactha den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Sna **Pleananna Forbartha** tá catalóg de na Struchtúir atá faoi Chosaint, na Láithreáin Seandálaíochta agus na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta i ngach contae. Mar chuid den mheasúnú seo scrúdaíodh na pleananna forbartha do Chontae na Gaillimhe (2015 - 2021), do Chathair na Gaillimhe (2011-2017, /2017 – 2023) agus Plean Ceantair Áitiúil Bhearna (2007 - 2017). Sa mheasúnú seo déantar tagairt do na struchtúir atá faoi chosaint mar láithreáin Oidhreacht Thógtha (BH). Níl aon Limistéar Caomhantais Ailtireachta suite sa timpeallacht ghlactha den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Is eagraíocht rialtasbhunaithe í **An Fardal Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta (NIAH)** a bhfuil cúram air taifead a dhéanamh de na struchtúir atá tábhachtach go háitiúil, go réigiúnda, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá an taifead ina threoir ag na Comhairlí Contae maidir leis na struchtúir atá le liostáil in Taifead na Struchtúir atá faoi Chosaint. Rinne an NIAH suirbhé deascbhunaithe ar ghairdíní stairiúla, lena n-áirítear diméinte a thimpeallaíonn tithe móra. Sa mheasúnú seo

déantar tagairt do na struchtúir atá in NIAH mar láithreáin Oidhreacht Thógtha (BH).

Baineadh úsáid as Suirbhé Gairdíní an NIAH mar chuid den mheasúnú seo ach rinneadh é seo i gcomhar le mionanailís ar an gcéad eagrán de léarscáileanna OS agus iniúchadh allamuigh, chun na tírdhreacha deartha ar fad atá laistigh de thimpeallacht ghhlactha na forbartha bóthair atá beartaithe a aithint.

Is foinse eolais tábhachtach é an **clúdach aerfótagrafach** maidir le suíomh beacht agus fairsinge na láithreán. Tugtar eolas freisin ar an tír-raon agus ar an bhfiúntas seandálaíochta a d'fhéadfaí a bheith ann. Sa mheasúnú seo scrúdaíodh aerfótagraif OS (1995, 2000, 2005), clúdach Google Earth (2003-2012) agus léarscáileanna Bing. Tá na láithreáin a aithníodh sa mheasúnú cartagrafach agus sa mheasúnú aerfótagrafach aitheanta mar láithreáin Oidhreacht Chultúrtha (CH) sa mheasúnú seo. Déantar tagairt do na Limistéir le Fiúntas Seandálaíochta a aithníodh san anailís, mar AAP sa mheasúnú seo.

Cuireadh foilseachán achomair-**Bullaitín Tochailtí**- ar fáil gach bliain ón mbliain 1970. Déantar achoimre ann ar gach tochailt seandálaíochta a rinneadh in Éirinn le linn na bliana sin chomh fada leis an mbliain 2010. On mbliain 1987 rinne Isabel Bennett eagarthóireacht ar an mbullaitín. Tá an t-eolas seo ó 1970-2016 ar fáil ar líne freisin (www.excavations.ie). Bíonn an t-eolas seo ríthábhachtach nuair a bhítear ag scrúdú ábhar seandálaíochta limistéir ar bith, nach bhfuil taifead air i gcomhaid SMR agus RMP.

Tá **Logainmneacha** tábhachtach chun seandálaíocht, stair agus oidhreacht chultúrtha limistéir a thuiscint. Is féidir logainmneacha a bheith in úsáid ar feadh na nglúnta agus i gcásanna áirithe léiríodh go dtéann siad i bhfad siar sa stair. Is iad na príomhthagairtí atá ann chun anailís a dhéanamh ar logainmneacha ná *Irish Local Names Explained* le P.W Joyce (1870) agus Bunachar Logainmneacha na hÉireann.

13.2.3.3 Iniúchadh Allamuigh

Is gá iniúchadh allamuigh a dhéanamh chun fairsinge agus nádúr iarsmaí seandálaíochta agus ailtireachta a chinntiú. Chomh maith leis sin is féidir láithreáin nár aithníodh roimhe nó láithreáin a bhféadfadh fiúntas a bheith leo agus fíortha iniompartha a aithint trí bhreathnóireacht thopagrafaíoch agus trí eolas áitiúil.

Rinneadh iniúchadh allamuigh seandálaíochta agus ailtireachta ó 30 Samhain go 4 Nollaig 2015 agus in aimsir gréine ar an 26 Iúil 2016. Is é seo a leanas a tharla:

- Nótaí agus taifid a dhéanamh ar an gcineál tír-raoin agus ar úsáid na talún
- Nótaí agus taifid a dhéanamh ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreacht chultúrtha a bhí aitheanta roimhe agus ar ghnéithe nach raibh aitheanta go dtí sin
- Fairsinge agus staid na láithreán agus na struchtúr taifeadta a fhíorú (RMPanna/RPS/NIAH)

- Iniúchadh ó amharc a dhéanamh ar aimhrialtachtaí amhrasta sa tírdhreach chun a chinntiú an de bhunús antrapaigineach iad nó an bhfuil tábhacht seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreacht chultúrtha ag baint leo.

13.2.3.4 Suirbhé Geoifisiceach

Úsáidtear suirbhé geoifisiceach chun ‘léarscáileanna’ de ghnéithe seandálaíochta faoi dhromchla a chruthú. Is iad na gnéithe seo an chuid den taifead seandálaíochta nach féidir a iompar- struchtúir ina seasamh nó rianta de ghníomhaíochtaí daonna a fágadh san ithir. Is féidir gnéithe adhlactha a bhrath le gléasanna geoifisiceacha nuair a bhíonn difríocht intomhaiste idir tréithe leictreacha agus maighnéadacha na ngnéithe agus an timpeallacht. I gcásanna áirithe is féidir déantáin aonair, go háirithe miotal, a bhrath freisin. Nuair a dhéantar léamha go córasach déantar tacar sonraí ar féidir a úsáid mar léarscáil íomhánna. Is féidir torthaí suirbhé a úsáid mar threoir le haghaidh tochailte agus chun seandálaithe a chur ar an eolas maidir le patrúin sa chuid sin den láithreán nach bhfuil tochailt déanta ann. Níl suirbhé geoifisiceach ionrach ná scríosach, murab ionann is modhanna seandálaíochta eile.

Mar chuid den mheasúnú, rinneadh suirbhé i limistéar amháin a bhfuil fiúntas seandálaíochta ann, limistéar a aithníodh sa mheasúnú bonnlíne agus san iniúchadh allamuigh. Tá an limistéar seo suite laistigh de bhaile fearainn Pháirc na Sceach agus d’fhéadfadh fiúntas seandálaíochta a bheith ag baint le limistéar an tsuirbhé, lena n-áirítear limistéar gar do shéipéal agus reilig agus ardán neamhaitheanta sa tírdhreach.

Rinneadh an suirbhé geoifisiceach ag Earthsound Archaeological Geophysics thar ceann IAC Ltd do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus TII. Rinneadh an suirbhé ar an 17 agus 18 Samhain 2016 faoi cheadúnas 16R0190.

13.2.4 Modheolaíocht Mheastóireacht Tionchair

D’fhéadfadh tionchair fhéideartha dhifriúla a bheith ann maidir le mianach agus cineál, lena n-áirítear iad seo a leanas (de réir Treoirlínte TII do Mheasúnú ar Thionchair Seandálaíochta/Oidhreacht Ailtireachta i leith Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (NRA, 2005, 25/54):

Drochthionchar: Athrú a loitfidh nó a bhainfidh séadchomhartha/struchtúr seandálaíochta/ailtireachta den tírdhreach go buan.

Tionchar Neodrach: Athrú nach gcuireann isteach ar an oidhreacht seandálaíochta/ailtireachta.

Tionchar Dearfach: Athrú a fheabhsaíonn agus a chothaíonn suíomh shéadchomhartha/struchtúir seandálaíochta/ailtireachta.

Tionchar Díreach: Aon áit a bhfuil gné seandálaíochta/ailtireachta nó láithreán suite laistigh de lorg an bhealaigh fhéideartha agus ar ghá cuid den séadchomhartha/ghné nó an séadchomhartha/an ghné ar fad a bhaint amach.

Tionchar Indíreach: Aon áit a bhfuil gné/láithreán le fiúntas seandálaíochta/oidhreacht ailtireachta nó a s(h)uíomh suite gar do lorg ailíniú féideartha bealaigh.

Níl tionchar tuartha: Áit nach gcuireann an bealach féideartha isteach go díobhálach ná go dearfach ar láithreán seandálaíochta/oidhreacht ailtireachta.

Ní mór a thabhairt faoi deara cé go dtugtar aird ar acmhainní san oidhreacht chultúrtha maidir le leibhéil tionchair agus leis an sainmhíniú, meastar go bhfuil tionchair dhíreacha ar láithreáin a bhfuil cosaint reachtúil acu níos suntasaí ná na láithreáin/struchtúir gan cosaint reachtúil.

Tugtar sainmhíniú tionchar (a bhfuil achoimre air i dTreoirlínte TII do Mheasúnú ar Thionchair Seandálaíochta/Oidhreacht Ailtireachta i leith Scéimeanna Bóithre Náisiúnta (NRA, 2005, 54/21), i d**Tábla 13.1** agus **13.2** thíos. Cuireadh leis seo le sainmhíniú breise tionchar de réir na dtreoirlínte is déanaí ó EPA (2017).

Tábla 13.1: Sainmhíniú Tionchar: Seandálaíocht

An Cineál Tionchair	Sainmhíniú maidir le láithreáin seandálaíochta
Trom	Baineann le haon áit nár dócha go mbainfí na tionchair dhíobhálacha amach le maolú. Tionchair dhíobhálacha, dhiúltacha amháin. Tarlaíonn na tionchair seo nuair a scriostar láithreán seandálaíochta go hiomlán agus go do-athraithe de bharr na forbartha atá beartaithe.
An-Tábhachtach	Tionchar a dhéanann athrú suntasach ar an gcuid is mó de ghné leochaileach an chomhshaoil toisc nádúr, méid, fad ama nó déine an tionchair.
Tábhachtach	Tionchar a dhéanann athrú ar ghné thábhachtach den chomhshaoil toisc méid, fad ama nó déine an tionchair. Aon áit a mbeadh tionchar buan ar chuid de láithreán sa chaoi is go gcaillfí nádúr, iomláine agus sonraí an láithreán/ghné seandálaíochta.
Measartha	Tarlaíonn tionchar measartha nuair a bheartaítear athrú ar an láithreán, athrú a thugtar faoi deara ach nach gcuireann an láithreán seandálaíochta i mbaol agus gur féidir an t-athrú a aisiompú. Tarlaíonn a leithéid nuair is féidir gné seandálaíochta a chur isteach mar chuid d'fhorbairt nua-aimseartha gan aon damáiste don ghné agus gur féidir na gníomhaíochtaí a úsáideadh chun é sin a dhéanamh a aisiompú.
Beag	Tionchar a dhéanann athruithe, nach athruithe tábhachtacha nó troma iad, ar nádúr an chomhshaoil ach ní chuirtear isteach go díreach ar ghné/shéadchomhartha seandálaíochta.
Neamhthábhachtach	Tionchair a dhéanann athruithe sonracha ar nádúr an chomhshaoil ach gan iarmhairtí sonracha.
Do-bhraite	Tionchar intomhaiste ach gan iarmhairtí sonracha.

Tábla 13.2: Sainmhíniú Tionchar: Ailtireacht

An Cineál Tionchair	Sainmhíniú maidir le láithreáin ailtireachta
Trom	Tionchar a dhíothaíonn oidhreacht chultúrtha struchtúir nó ghné a bhfuil tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta ag baint leis/léi. Tarlaíonn na tionchair seo nuair a scriostar struchtúr nó gné ailtireachta go hiomlán agus go do-athraithe de bharr na forbartha atá beartaithe. Ní dócha go ndéanfar athrú ar na tionchair dhíobhálacha le maolú.
An-Tábhachtach	Tionchar a dhéanann athrú suntasach ar an gcuid is mó de ghné leochaileach an chomhshaoil toisc nádúr, méid, fad ama nó déine an tionchair.
Tábhachtach	Tionchar a dhéanann athrú ar nádúr agus/nó ar shuíomh oidhreacht ailtireachta, toisc méid, fad ama nó déine an tionchair. Tarlaíonn sé seo toisc go mbíonn tionchar buan ar ghné nó ar ghnéithe oidhreacht ailtireachta agus dá bharr cailítear nádúr agus iomláine an struchtúir/ghné ailtireachta. Laghdófar an tionchar leis an maolú cuí.
Measartha	Déantar athrú ar an oidhreacht ailtireachta, athrú a thugtar faoi deara ach nach gcuireann isteach ar iomláine na hoidhreachta. Is dócha go mbeidh an t-athrú i gcomhréir le treochothaí an lae agus treochothaí atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfaí na tionchair a aisiompú agus ní mhairfidh siad rófhada. Is dócha go laghdófar an tionchar leis an maolú cuí.
Beag	Tionchar a dhéanann athrú beag ar ghné oidhreacht ailtireachta a bhfuil tábhacht áitiúil nó réigiúnach ag baint léi ach nach gcuireann isteach ar iomláine nó ar leochaileacht na hoidhreachta. Cé go dtugtar an tionchar faoi deara, ní chuireann sé isteach go díreach ar an struchtúr/ngné ailtireachta. D'fhéadfaí na tionchair a aisiompú agus ní mhairfidh siad rófhada. Laghdófar an tionchar leis an maolú cuí.
Neamhthábhachtach	Tionchair a dhéanann athruithe sonracha ar nádúr an chomhshaoil ach gan iarmhairtí sonracha.
Do-bhraite	Tionchar intomhaiste ar oidhreacht ailtireachta a bhfuil tábhacht áitiúil ag baint leis ach gan iarmhairtí sonracha.

13.3 An Timpeallacht Ghlactha

13.3.1 Torthaí agus Anailís

13.3.1.1 Ginearálta

Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe na barúntachtaí, paróistí agus bailte fearainn atá liostaithe i d**Tábla 13.3** thíos. Tugtar miontuairisc ar an gcúlra seandálaíochta agus stairiúil in **Aguisín A.13.1**.

Tábla 13.3: Barúntachtaí, Paróistí agus Bailte Fearainn

Barúntacht	Paróiste	Baile Fearainn
Gaillimh	Rathún	Na hAille, Baile na hAbhann Thoir, Páirc na Sceach, An Cheapach, An Chloch Scoilte, Na Foraí Maola Thoir, Na Foraí Maola Thiar, Baile an Cheantaigh, Mionchluain, An Baile Nua, Rathún, Troascaigh Thoir, Troascaigh Thiar, An Baile Ard Thiar, An Baile Ard Thoir, An Caorán, Leitreach, An Bealach, Barr na Crannaí, An Daingean Uachtair, An Daingean Íochtair
	San Nioclás	An Caisleán Gearr, Ceapach na Boirne, An Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh
Gaillimh	Órán Mór	Baile an Dúlaigh, Mionlach, An Poll Caoin, Dabhach Uisce
Dún Coillín		An Bréanlochán, Cúil Each

13.3.1.2 Séadchomharthaí Taifeadta (láithreáin AH) laistigh den Timpeallacht Ghlachtha

Tá 41 láithreán Oidhreacht Seandálaíochta (AH) ar fad taifeadta laistigh de thimpeallacht ghlachtha na forbartha bóthair atá beartaithe (**Tábla 13.4**). Ach tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar an Taifead Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR) agus ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna (RMP) agus moladh athruithe ar roinnt láithreán sa taifead ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (www.archaeology.ie). As an 41 láithreán taifeadta tá cúig thaifead iomarcacha agus bainfear iad den SMR. Rinne an DoCHG na láithreáin seo a rangú mar ‘neamh-sheandálaíoch’.

Moladh ocht láithreán eile a bhaint den taifead i ngeall ar chomh déanach is atá siad (AH 9, 10, 12, 17, 20, 27, 38, 39). Bainfear dhá láithreán den taifead mar níl siad ar marthain a thuilleadh mar baineadh as an tírdhreach iad de bharr cairéalachta (OS 18, 19). Bainfear dhá láithreán eile den taifead mar baineadh as an tírdhreach iad i ngeall ar fhorbairt nua-aimseartha (AH 30, 31). Ar láithreán amháin tá sraith dumhaí dóite réamhstairiúla, a bhfuil tochailt déanta orthu (AH 36). Ní mholtar an iontráil sin a bhaint den taifead.

Mar gheall ar Orduithe Caomhnaithe tá cosaint sa bhreis ag ceithre láithreán taifeadta i mbaile fearainn Bhaile an Bhriotaigh agus mar sin tá tábhacht náisiúnta ag baint leo (AH 32-35).

I bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe (2017 - 2023) rangáítear naoi láithreán as an 41 mar Struchtúir atá faoi Chosaint. Mar sin tá cosaint reachtúil ag na láithreáin seo faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú (AH 4, 15, 16, 22, 23, 25, 29, 33, 41).

Tá na sonraí ar gach láithreán AH in **Aguisín A.13.2** den Tuarascáil MTT agus tá siad marcáilte i **bhFíoracha 13.1.1** go **13.1.14**.

Tábla 13.4: Láithreáin Oidhreacht Seandálaíochta (AH) suite laistigh den timpeallacht ghlaclachta

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil
AH 1 ³	GA093-009	Na Foraí Maola Thiar	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	0+500	9m soir	Níl tionchar
AH 2	GA082-077	Rathún	Ballán	6+850	0m	RMP
AH 3 ⁴	GA082-040	An Daingean Íochtair	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	8+350	57m soir ó dheas	Níl tionchar
AH 4 ⁵	GA094-047	Rathún	Teach (Teach Rathúin) BH 18 chomh maith)	Bóthar Ceangail an N59 ó dheas 3+350	153m soir ó dheas	RMP
AH 5	GA094-056	Rathún	Gné Thórdhreach Deartha	Bóthar Ghort na Bró	61m siar ó dheas	RMP
AH 6	GA082-104	Páirc na Sceach	Imfhálú	9+100	195m siar ó thuaidh	RMP
AH 7 ⁶	GA082-032	An Daingean Íochtair	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	8+750	86m soir ó thuaidh	Níl tionchar
AH 8	GA082-039	An Daingean Íochtair	Lisín	8+850	60m soir ó thuaidh	RMP
AH 9 ⁷	GA082-087	Mionlach	Clachan	9+800	Díreach ó thuaidh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 573m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar

3 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

4 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

5 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

6 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

7 Le baint de na taifid RMP/SMR - 30/07/17

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil
AH 10 ⁸	GA082-041	An Daingean Íochtair	Tobar	8+650	173m soir-soir ó dheas	Níl tionchar
AH 11	GA082-033	An Daingean Íochtair	Feart	8+700	198m soir ó dheas	RMP
AH 12 ⁹	GA082-036	An Daingean Íochtair	Láthair Tí (Teach an Daingin)	9+150	90m siar ó thuaidh	RMP
AH 13	GA082-085	An Daingean Íochtair	Gné Thírdhreach Deartha	9+050	112m soir-soir ó dheas	RMP
AH 14	GA082-038	An Daingean Íochtair	Gné Thírdhreach Deartha	9+150	140m soir ó dheas	RMP
AH 15	GA082-037	An Daingean Íochtair	Teach samhraidh (BH 9 chomh maith)	9+300	72m soir ó dheas	RMP
AH 16	GA082-064/001	Mionlach	Teach- 17ú haois, Caisleán, neamhrangaithe (BH10 chomh maith)	9+375	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 140m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe	RMP
AH 17 ¹⁰	GA082-100	Mionlach	Carnán réitigh	9+500	Laistigh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 167m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe	Níl tionchar
AH 18 ¹¹	GA082-031	Cúil Each	Imfhálú	11+350	0m	Níl tionchar

8 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

9 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

(Nóta: amhail ón 21/06/17 níor tharla aon athrú ar an Taifead maidir le sceidil eisiaimh agus iniaimh)

10 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

11 Bainte amach trí choiréalacht- Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil
AH 19 ¹²	GA082-095	Cúil Each	Ráth	11+400	0m	Níl tionchar
AH 20 ¹³	GA082-003	Baile an Dúlaigh	Cairéal	12+025	81m ó thuaidh	RMP
AH 21 ¹⁴	GA082-004	Baile an Dúlaigh	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	12+200	131m soir-soir ó thuaidh	Níl tionchar
AH 22	GA082-060	Mionlach	Gallán (BH 23 chomh maith)	9+850	68m ó thuaidh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 530m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	RMP
AH 23	GA082-023	An Caisleán Gearr	Teach Pobail (suíomh) (BH 14 chomh maith)	13+075	80m ó thuaidh	RMP
AH 24 ¹⁵	GA082-026	An Caisleán Gearr	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	12+975	0m	Níl tionchar
AH 25	GA082-021	An Caisleán Gearr	Túrtheach (BH 13 chomh maith)	12+950	220m ó dheas	RMP
AH 26	GA082-022	An Caisleán Gearr	Lisín	13+500	73m siar ó dheas	RMP
AH 27 ¹⁶	GA082-072	An Pháirc Mhór	Cairéal	14+000	0m	Níl tionchar
AH 28	GA082-016	Baile an Bhriotaigh	Grúpa aimhrialta cloch	14+850	124m siar ó dheas	RMP
AH 29	GA082-011/001-2	Baile an Bhriotaigh	Caiseal, uaimh thalún, lisín (BH 17 chomh maith)	15+150	40m siar ó dheas	RMP

12 Bainte amach trí choiréalacht- Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

13 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

14 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

15 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

16 Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil
AH 30 ¹⁷	GA082-017	Baile an Bhriotaigh	Créfort	Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	0m	RMP
AH 31 ¹⁸	GA082-015	Baile an Bhriotaigh	Gné Thírdhreach Deartha	Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	57m ó dheas	Níl tionchar
AH 32	GA082-012002	Baile an Bhriotaigh	Lonnaíocht mheánaoiseach thréigthe	14+500	226m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe
AH 33	GA082-012001	Baile an Bhriotaigh	Túrtheach (BH 16 chomh maith)	14+500	250m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe
AH 34	GA082-014	Baile an Bhriotaigh	Imfhálú	15+050	110m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe
AH 35	GA082-013/001	Baile an Bhriotaigh	Ráth & Teach (dáta neamhaithnid)	15+050	165m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe
AH 36 ¹⁹	GA082-043/001-4	Dabhach Uisce	Fulacht fia	16+400	0m	RMP
AH 37	GA082-044	Dabhach Uisce	Bóthar	16+350	43m siar-siar ó dheas	RMP

17 Bainte amach trí fhorbairt- Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

18 Bainte amach trí fhorbairt- Le baint de na taifid RMP/SMR - 19/07/16

19 Tochailt iomlán déanta (Tag. Tochailte: A024/1.1, E2052)

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil
AH 38 ²⁰	GA082-063	Mionlach	Gné Thórdhreach Deartha	9+550	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 448m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar
AH 39 ²¹	GA082-062	Mionlach	Gné Thórdhreach Deartha	9+650	Laistigh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 448m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar
AH 40	GA082-061	Mionlach	Reilig	9+600	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 577m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	RMP
AH 41	GA082-070	Mionlach	Teach geata (BH 21 chomh maith)	9+750	50m thoir den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 406m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	RMP

As an 41 láithreán aitheanta tá seacht gcinn taifeadta laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe. Ach tá dhá láithreán astu sin bainte amach trí chairéalacht (AH 18, 19); tá láithreán eile bainte amach trí fhorbairt reatha (AH 31) agus tá

20 Le baint de na taifid RMP/SMR - 30/06/17

21 Le baint de na taifid RMP/SMR - 30/06/17

tochailt seandálaíochta déanta ar láithreán eile cheana (AH 34). Tá AH 24 liostaithe mar ‘neamh-sheaniarsma’ agus tá AH 27 liostaithe mar ‘cairéal’ agus mar sin ní bhaineann tábhacht seandálaíochta leis. Tá AH 2 liostaithe mar shuíomh ina bhfuil ballán; ach ní bhfuarthas aon táscair ar an gné sin le linn an mheasúnaithe seo.

Tá dhá láithreán eile suite laistigh de theorainn na forbartha beartaithe atá lasmuigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe ach is gá é le haghaidh plandú gnáthóg i Mionlach. Tá láithreán AH 39 liostaithe mar ghné tírdhreach deartha agus ní cheaptar go bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leis mar tá sé le baint de na taifid SMR/RMP. Tá láithreán AH 17, atá liostaithe mar charnán réitigh laistigh den limistéar beartaithe le haghaidh plandú gnáthóg, le baint de na taifid. Tá gné thírdhreach deartha eile suite díreach in aice leis an limistéar beartaithe le haghaidh plandú gnáthóg (AH 38), chomh maith le reilig, atá suite díreach thiar den limistéar beartaithe le haghaidh plandú gnáthóg (AH 40). Tá Caisleán Mhionlaigh (AH 16) suite c.140m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Ach tá imeall an limistéir le haghaidh plandú gnáthóg suite díreach lastoir den chaisleán.

13.3.1.3 Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ): Comhaid Thopagrafacha

De réir an eolais ó chomhaid thopagrafacha AMÉ fritheadh smut de chorrán liag (1987:184) agus ceann tua iarainn (1983:61) i mbaile fearainn an Daingin Íochtaraigh. Do bhaile fearainn Mhionlaigh tá liosta de dhéantáin liteacha, lena n-áirítear seacht gcinn tua de ‘chineál na Sionainne’ (KK131129, 2005C1:802, 1638:W307, 1637:W306, 1636:W305, 1635:W304, 1634:W303²²); bailiúchán lann- fiche lann ó gheolaíochtaí éagsúla (1280:W5) agus lann seirte (2005C1:801). Fritheadh barr agus bun bhró den chineál ‘coirceog’ (2011:252) i mbaile fearainn An Chaisleán Gearr. Tá na sonraí a bhaineann leis na fríotha sin in **Aguisín A.13.3**.

13.3.1.4 Láithreáin faoi Chosaint (láithreáin BH) laistigh den Timpeallacht Ghlachtha

Ó athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe agus ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe, léirítear go bhfuil 27 struchtúr ar fad faoi chosaint (láithreáin BH) laistigh de limistéar staidéir an fhorbairt bóthair atá beartaithe (**Tábla 13.5**). Tá sé cinn de na struchtúir sin liostaithe san Fhardal Náisiúnta Oidhreacht Ailtireachta (NIAH) (féach **Cuid 13.3.1.6**).

As an 27 struchtúr, rangáítear naoi gcinn mar Shéadchomharthaí Taifeadta (BH 9, 10, 13, 14, 16, 17, 18, 21, 23). Mar sin tugtar cosaint reachtúil do na láithreáin seo faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Tá na sonraí ar gach láithreán BH in **Aguisín A.13.4** den Tuarascáil MTT agus tá siad marcáilte i **bhFíoracha 13.1.01** go **13.1.14**.

22 Cinn tua cloiche shnasta ón tréimhse Neoiliteach

Tábla 13.5: Láithreáin Oidhreacht Thógtha (BH) suite laistigh den timpeallacht ghlactha

Uimh. BH:	Uimh. RPS:	Baile Fearainn:	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	NIA H
BH 1	6302	Mionchluain	Teachín ceann tuí	6+150	53m siar ó thuaidh	Níl
BH 2	6301	Mionchluain	Teachín ceann tuí	6+400	183m soir ó dheas	Níl
BH 3 ²³	2001	Barr na Crannaí	Galláin geata	8+450	Cóngarach	Níl
BH 4	2901	Barr na Crannaí	Teachín ceann tuí	8+450	6m siar ó dheas	Tá
Is foinse eolais luachmhar iad ainmneacha topagrafacha agus ainmneacha bhailte fearainn ar thopagrafaíocht, ar sheilbh talún agus ar úsáid talún laistigh de thírdhreach ar bith. Tugtar eolas freisin ar stair, ar shéadchomharthaí seandálaíochta agus ar bhéaloideas an cheantair. Is féidir láithreán a bhí ligthe i ndearmad a aithint ó logainm agus ar an gcaoi sin d'fhéadfaí teacht ar iarsmaí láithreán áirithe faoi dhromchla na talún. Sna 1830í agus 1840í, nuair a rinneadh léarscáileanna den tír ar fad den chéad uair rinne na suirbhéirí ón Suirbhéireacht Ordanáis ainmneacha na mbailte fearainn a thairfead. Tá bunús Gaelach ag roinnt ainmneacha bhailte fearainn sa limistéar staidéir ach thar am cuireadh cuma an Bhéarla orthu. Is iad na príomhthagairtí atá ann chun anailís a dhéanamh ar logainmneacha ná *Irish Local Names Explained* le P.W Joyce (1870) agus Bunachar Logainmneacha na hÉireann. Sa tábla thíos tugtar tuairisc agus míniú ar ainmneacha na mbailte fearainn i gcomharsanacht an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Tábla 13.12: Ainmneacha na mBailte Fearainn sa limistéar staidéir

Ainm (Béarla)	Ainm (Gaeilge)	Díorthú	Míniú a d'fhéadfadh a bheith ann
New Village	An Sráidbhaile Nua	N/B	Ceangailte is dócha le bunú Shráidbhaile Bhearna
Forramoyle East & West	Na Foraí Maola Thoir & Thiar	<i>Fauran-maola</i>	Fuarán ar chnocán maol
Trusky West & East	Troscaigh Thiar & Thoir	<i>Triucha</i>	Tríocha céad nó ceantar
Cloughscoltia	An Chloch Scoilte	<i>Chloch - Scoilte</i>	An chloch atá scoilte
Ballard West & East	An Baile Ard Thiar & Thoir	<i>Baile-ard</i>	An baile ard
Aille	An Aill	<i>Aill</i>	An aill
Cappagh	An Cheapach	<i>Ceapach</i>	Páirc churaíochta
Ballynahown East	Baile na hAbhann Thoir	<i>Baile - na - hAbhann</i>	Baile ar an Abhainn
Keeraun	An Caorán	<i>Caorán</i>	Móinteán
Mincloon	Mionchluain	<i>Meen-cluain</i>	Móinéar beag/mín
Rahoon	Rathún	<i>Rath-ún</i>	An ráth
Letteragh	Leitreach	<i>Leitreach</i>	Taobh cnoic
Ballagh	An Bealach	<i>Bealach</i>	Slí/beamnas
Kentfield	Baile an Cheantaigh	N/B	Ceangailte is dócha le hainm úinéir talún
Bushypark	Páirc na Sceach	<i>Bohy-páirc</i>	Páirc ina raibh cró nó puball
Dangan Lower & Upper	An Daingean Íochtair & Uachtair	<i>Daingean</i>	Áit láidir
Barnacranny	Barr na Crannaí	<i>Barr - na - crann</i>	Barr an chrainn

Ainm (Béarla)	Ainm (Gaeilge)	Díorthú	Míniú a d'fhéadfadh a bheith ann
Menlough	Mionlach	<i>Meen-lach</i>	An loch beag nó mín
Castlegar	An Caisleán Gearr	<i>Caisleán - Gearr</i>	An caisleán gearr
Ballindooley	Baile an Dúlaigh	<i>Baile - an - Dúlaigh</i>	Baile/Áitreabh an Dúlaigh
Cappanabornia	Ceapach na Boirne	<i>Ceapach - na - Boirne</i>	Talamh charraigeach
Parkmore	An Pháirc Mhór	<i>Pháirc-mór</i>	An pháirc mhór
Ballybrit	Baile an Bhriotaigh	<i>Baile - an - Bhriotaigh</i>	Baile na mBriotanach
Pollkeen	An Poll Caoin	<i>Poll - Caoin</i>	An Poll deas
Doughiska	Dabhach Uisce	<i>Dabhach-uisce</i>	An t-umar uisce
Breanloughaun	An Bréanlochán	<i>Bréan-lochán</i>	An loch salach
Coolagh	Cúil Each	<i>Cualacha</i>	Páirc chúinne

13.3.1.15 Torthaí ón Suirbhé Geoifisiceach

Mar chuid den mheasúnú, rinneadh suirbhé geoifisiceach i limistéar amháin le fiúntas seandálaíochta, limistéar a aithníodh sa mheasúnú bonnlíne agus san iniúchadh allamuigh. Tá an limistéar seo suite laistigh de bhaile fearainn Pháirc na Sceach agus d'fhéadfadh fiúntas seandálaíochta a bheith ag baint le limistéar an tsuirbhé lena n-áirítear limistéar gar do shéipéal agus reilig (BH 7) agus ardán neamhaitheanta sa tírdhreach (CH 38).

Rinne Earthsound Archaeological Geophysics an suirbhé geoifisiceach thar ceann IAC Ltd do Comhairle Chontae na Gaillimhe agus TII. Rinneadh an suirbhé ar an 17 agus 18 Samhain 2016 faoi cheadúnas 16R0190. Rinneadh suirbhé maighnéadaiméadrach agus suirbhé leictreamaighnéadach ar Fhriotaíocht Leictreach Dhealraitheach.

Mar thoradh ar an suirbhé léiríodh go raibh díoga ar fud limistéar an tsuirbhé. Bhí a lán de na díoga i bhfoirmiú líneach agus is dócha gur ghnéithe críche iad. Ón suirbhé friotaíochta is cosúil gur bhain carnán nó balla le cuid acu. Aithníodh sraith fuíoll-teorainneacha páirce freisin.

Tá fianaise seandálaíochta ann lena n-áirítear láithreáin fhéideartha i gcomhair dó nó tionsclaíochta agus díog fo-dhronuilleogach amháin agus díoga. Is dócha go mbeidh breis aimhrialtachtaí ag baint le riocht na hithreach nó le riocht geolaíoch an láithreáin agus/nó le lomáin gheolaíochta gar don dromchla. Níor thángthas ar aon aimhrialtacht maidir le Séipéal Pháirc na Sceach agus níl aon fhianaise ann go síneann an reilig a bhaineann leis chomh fada le limistéar an tsuirbhé. Tugtar an tuairisc iomlán in **Aguisín 13.12**.

13.4 Tréithe na Forbartha atá beartaithe

13.4.1 An Chéim Thógála

Tugtar miontuairisc ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ar na gníomhaíochtaí tógála i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá beartaithe** agus i **gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála**. Mar gheall ar na tréithe seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreacht chultúrtha a bhaineann leis an bhforbairt ag an gcéim tógála, caithfear tochailt a dhéanamh ar na tailte atá curtha ar fáil (laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe) chun tógáil an fhorbairt bóthair atá beartaithe a éascú. D'fhéadfaí tionchar a bheith ar láithreáin seandálaíochta, ar an oidhreacht thógtha agus oidhreacht chultúrtha ag athruithe fisiciúla ar leibhéal na talún mar atá, sruthchúrsaí san áireamh. Tugtar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis na tréithe sin i **gCuid 13.5** agus tá na sonraí maidir leis an gcaoi a d'fhéadfadh na tionchair tarlú in **Aguisín A.13.10**.

13.4.2 An Chéim Oibríochta

Ag an gcéim oibríochta den fhorbairt bóthair atá beartaithe, d'fhéadfaí tionchar a bheith ar na láithreáin seandálaíochta, ar an oidhreacht thógtha agus oidhreacht chultúrtha i ngeall ar athruithe fisiciúla ar an timpeallacht ghhlactha. Tugtar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis na tréithe sin i **gCuid 13.5** agus tá na sonraí maidir leis an gcaoi a d'fhéadfadh na tionchair tarlú in **Aguisín A.13.10**.

13.5 Meastóireacht ar Thionchair

13.5.1 Réamhrá

Rinneadh an mheastóireacht ar na tionchair fhéideartha maidir le seandálaíocht agus le hoidhreacht chultúrtha de réir na gcritéar atá leagtha amach i **gCuid 13.2.4**. Tá achoimre ar na láithreáin ar fad, ar na struchtúir, ar na tionchair fhéideartha agus ar an maolú beartaithe i **dTáblaí 13.21 go 13.26** i **gCuid 13.8**.

13.5.2 Tionchar- Gan Aon Ní a dhéanamh

Dá mba rud é nach ndéanfaí an fhorbairt bóthair atá beartaithe, ní bheadh aon tionchar díobhálach ar acmhainní seandálaíochta, ailtireachta ná ar an oidhreacht chultúrtha.

13.5.3 Tionchair Fhéideartha Tógála

D'fhéadfadh an suaitheadh talún a bhaineann le tógáil an fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar shampla barrithir a bhaint amach agus tochailt ar na tailte atá curtha ar fáil, tionchar díreach agus drochthionchar a bheith aige ar na láithreáin seo a leanas (**Tábla 13.13**). Níltear ag súil le tionchair indíreacha ón gcreathadh ná ón smúdar a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála.

Seo an measúnú a mholtar ar thábhacht agus ar thuairisc na dtionchar atá ina chuid den mheasúnú iomlán ar na tionchair a d'fhéadfaí a bheith ar an oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha.

Tábla 13.13: Oidhreacht Seandálaíochta (AH): Tionchair Fhéideartha Tógála

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
AH 2 Ballán	-	-	AH 27 Cairéal	-	-	-

Tábla 13.14: Oidhreacht Thógtha (BH): Tionchair Fhéideartha Tógála

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
BH 12 Teachín ceann tuí	-	-	-	-	-	-

Tábla 13.15: Tírdhreacha Deartha (DL): Tionchair Fhéideartha Tógála

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	DL 8 Diméin Chaisleán Mhionlaigh	DL 7 Diméin an Daingin Íochtaraigh DL 4 Diméin Theach Pháirc na Sceach	-	-	DL 2 Diméin Theach Rathúin

Tábla 13.16: Oidhreacht Chultúrtha (CH): Tionchair Fhéideartha Tógála

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	CH 2 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha	CH 8 Lána múrtha CH 10 Láithreán	-	-	-

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
		CH 18 Teachín dúchasach CH 26 Teachín dúchasach CH 29 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 34 Láithreán le foirgneamh dúchasach CH 38 Imfhálú cearnógach b'fhéidir CH 49 Tuama réamhstairiúil b'fhéidir CH 52 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 55 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 56 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 57 Cosán Aifrinn, bhéidir CH 58 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha	le loca caorach CH 32 Teach cloiche lasmuigh CH 33 Lána múrtha CH 36 Lána múrtha CH 37 Carnáin réitigh CH 51 Bollán ó áirse b'fhéidir Tábhacht CH 71 Rian múrtha CH 72 Rian múrtha CH 68 Bóthar iarainn as úsáid. CH 70 Tóchar Bhóthar Iarainn			

Limistéir le Fiúntas Seandálaíochta

D'fhéadfaí tionchar measartha, tábhachtach, díreach trom nó drCHhthionchar a bheith ag an suaitheadh talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar ghnéithe neamhaitheanta seandálaíochta, ar fhosuithe nó ar dhéantáin ar féidir leo maireachtáil faoin dromchla reatha nó faoi leibhéal an uisce laistigh den na AAPanna sainithe 1-12.

Teorainneacha na mBailte Fearainn

D'fhéadfaí tionchar measartha díreach agus drochthionchar a bheith ag an suaitheadh talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chodanna de na 33 baile fearainn suite laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe.

Ginearálta

D'fhéadfaí tionchar measartha, tábhachtach nó díreach trom agus drochthionchar a bheith ag an suaitheadh talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar ghnéithe neamhaitheanta seandálaíochta, ar fhosuithe nó ar dhéantáin ar féidir leo maireachtáil faoin dromchla reatha, gan a bheith le feiceáil.

13.5.4 Tionchair Fhéideartha Oibríochta

D'fhéadfadh oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe tionchar indéreach nó drochthionchar a bheith aici ar na láithreáin seo a leanas:

Tábla 13.17: Oidhreacht Seandálaíochta (AH): Tionchair Fhéideartha Oibríochta

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	AH 15 Teach samhraidh AH 16 Caisleán Mhionlaigh	AH 29 Caiseal srl.	AH 11 Feart AH 12 Láithreán tí AH 23 Láithreán séipéil AH 26 Lisín	-	AH 8 Lisín AH 14 Gné Thírdhreach Deartha

Tábla 13.18: Oidhreacht Thógtha (BH): Tionchair Fhéideartha Oibríochta

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	BH 9 Teach samhraidh BH 10 Caisleán Mhionlaigh	BH 1 Teachín ceann tuí BH 7 Séipéal AH 17 Caiseal srl.	BH 2 Teachín ceann tuí BH 5 Teach Pháirc na Sceach BH 14 Láithreán séipéil	-	BH 15 Dhá theachín i bhfothracha

Tábla 13.19: Tírdhreacha Deartha (DL): Tionchair Fhéideartha Oibríochta

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	DL 8 Diméin Chaisleán Mhionlaigh	DL 7 Diméin an Daingin Íochtarraigh	DL 4 Diméin Theach Pháirc na Sceach	-	DL 2 Diméin Theach Rathúin

Tábla 13.20: Oidhreacht Chultúrtha (CH): Tionchair Fhéideartha Oibríochta

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
-	-	CH 20 Foirgnimh dhúchasacha CH 23 Teachín dúchasach	CH 4 Imfhálú leathchiorclach CH 25 Foirgnimh dhúchasacha CH 30 Coimpléasc dúchasach CH 35 Teach Leitriff CH 42 Teach cloiche lasmuigh CH 54 Teachín dúchasach	CH 7 Teachín dúchasach CH 19 Foirgnimh dhúchasacha CH 21 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 22 Foirgnimh dhúchasacha i bhfothracha CH 24 Foirgneamh dúchasach i bhfothracha CH 39 Teach Lakeview CH 45 Góilín bád b'fhéidir CH 47 Dídean dúchasach ainmhithe CH 50 Gné chiorclach b'fhéidir	-	CH 1 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 3 Teachín dúchasach CH 5 Láithreán le foirgnimh dhúchasacha CH 6 Teachín dúchasach CH 27 Teachín dúchasach CH 31 Foirgnimh dhúchasacha CH 48 Balla dúbailte inlfonta b'fhéidir CH 64 Teachín dúchasach

Tábhacht an Tionchair						
Trom	An-Tábhachtach	Tábhachtach	Measartha	Beag	Neamhthábhachtach	Do-bhraite
				CH 53 Foirgnimh dhúchasacha i bhfothracha CH 60 Coimpléasc dúchasach CH 61 Teachín dúchasach CH 62 Coimpléasc dúchasach CH 67 Teach an Daingin. CH 69 Carraig Aifrinn, b'fhéidir.		

Níor aithníodh aon tionchar indíreach ar Limistéir le Fiúntas Seandálaíochta ná ar Theorainneacha Bhailte Fearainn le linn na Céime Oibríochta.

13.5.5 Tionchair Neodracha/Níl Tionchair tuartha

Níl aon tionchar díreach ná indíreach tuartha do na láithreáin seo: AH 1, AH 3, AH 7, AH 9, AH 18, AH 19, AH 21, AH 22/ BH 23, AH 24, AH 30, AH 31, AH 36, AH 38, AH 39, AH 41/BH 21, AH 40, BH 22, BH 24, BH 25, BH 26, BH 27, DL 9, CH 43, CH 44, CH 46.

Meastar go bhfuil an tionchar féideartha ar na láithreáin seo a leanas neodrach: AH 4, AH 5, AH 6, AH 10, AH 13, AH 17, AH 20, AH 25, AH 28, AH 32, AH 33, AH 34, AH 35, AH 37.

BH 3, BH 4, OT 6, OT 8, OT 11, OT 13, OT 16, OT 18, OT 19, OT 20.

DL 1, DL 3, DL 5, DL 6.

CH 9, CH 11, CH 12, CH 14, CH 15, CH 16, CH 17, CH 28, CH 40, CH 41, CH 59, CH 63, CH 65, CH 66.

13.6 Bearta Maolaithe

13.6.1 Réamhrá

Tá na bearta maolaithe don oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha leagtha amach thíos agus tugtar na sonraí in **Aguisín A.13.11**. Tá achoimre ar na

láithreáin ar fad, ar na struchtúir, ar na tionchair fhéideartha agus ar an maolú beartaithe i **dTáblaí 13.21 go 13.26** i **gCuid 13.8**.

13.6.2 An Chéim Thógála

Seo thíos na bearta maolaithe don chéim thógála:

- Sula dtosófar ar an obair thógála cuirfear i bhfeidhm clár thrinseáil thrialach seandálaíochta laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe. Beidh sé ag díriú ar láithreáin agus ar limistéir le fiúntas seandálaíochta agus oidhreacht chultúrtha mar a léiríodh i **gCuid 13.5.3** chomh maith le limistéir neamhshuaite laistigh de theorainn na forbartha beartaithe.
- Déanfar an trinseáil thrialach faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII. Déanfar socruithe cuí i gcomhair tochailtí ar ghnéithe seandálaíochta agus/nó ar fhosuithe a dhéanfar a aithint, má cheaptar gurb é sin an bealach is oiriúnaí le gabháil ar aghaidh.
- Sula leagfar an teachín ceann tuí BH12 déanfar suirbhé iomlán tomhaiste, i scríbhinn agus fótagrafach. Déanfar an suirbhé ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.
- Déanfar miontaifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach diméin a bhaineann le Caisleán Mhionlaigh (DL8), ag Daingean Íochtair (DL7) agus ag Teach Pháirc na Sceach (DL4) sula dtosófar ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a thógáil. Déanfar é seo ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.
- Déanfar mionsuirbhé fótagrafach agus i scríbhinn (lena n-áirítear trinseáil thrialach mar is cuí) ar na láithreáin Oidhreachta Cultúir, ina bhfuil iarsmaí d'oidhreacht thógtha, liostaithe i **dTábla 13.17**. Déanfar é seo faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII. Déanfar socruithe cuí i gcomhair tochailtí ar ghnéithe seandálaíochta agus/nó ar fhosuithe a dhéanfar a aithint, má cheaptar gurb é sin an bealach is oiriúnaí le gabháil ar aghaidh.
- Déanfar measúnuithe seandálaíochta faoi uisce ar shruthchúrsaí nádúrtha (AAP) a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu trí shuaitheadh a dhéanamh ar bhruacha nó ar leapacha na sruthchúrsaí. Déanfar é seo faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII. Déanfar socruithe cuí i gcomhair tochailtí ar ghnéithe seandálaíochta agus/nó ar fhosuithe a dhéanfar a aithint, má cheaptar gurb é sin an bealach is oiriúnaí le gabháil ar aghaidh.
- Déanfar mionsuirbhé fótagrafach agus i scríbhinn (lena n-áirítear trinseáil thrialach mar is cuí) ar aon chuid de Theorainn Bhaile Fearainn a mbeidh tionchar air. Déanfar é seo faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII. Déanfar socruithe cuí i gcomhair tochailtí ar ghnéithe seandálaíochta agus/nó

ar fhosuithe a dhéanfar a aithint, má cheaptar gurb é sin an bealach is oiriúnaí le gabháil ar aghaidh.

13.6.3 An Chéim Oibríochta

Tá na bearta maolaithe don chéim oibríochta thíos. Tá na bearta seo beartaithe chun tionchair indíreacha ar an gcéim oibríochta den fhorbairt bóthair atá beartaithe a mhaolú ar na gnéithe sin. Tá sé tugtha ar aird go go gcomhlíonfar na bearta sin le linn na céime tógála nó roimhe sin.

- Déanfar miontaifead fótagrafach agus i scríbhinn ar láithreáin AH 15, 16, 29, 11, 12, 23 agus 26 chun an suíomh reatha a chaomhnú sula dtosófar ar thógáil agus ar oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfar é seo ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.
- Déanfar miontaifead fótagrafach agus i scríbhinn ar láithreáin BH 1, 7, 9, 10 agus 17 chun an suíomh reatha a chaomhnú sula dtosófar ar thógáil agus ar oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfar é seo ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.
- Déanfar miontaifead fótagrafach agus i scríbhinn ar láithreáin CH 20, 23, 8, 25, 30, 35, 42 agus 54 chun an suíomh reatha a chaomhnú sula dtosófar ar thógáil agus ar oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe. Déanfar é seo ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.

13.7 Tionchair Iarmharacha

13.7.1 Réamhrá

13.7.2 An Chéim Thógála

Nuair a chuirfear na bearta maolaithe atá molta i bhfeidhm, ní bheidh aon tionchar ar an acmhainn seandálaíochta, ailtireachta ná ar an oidhreacht chultúrtha mar gheall ar thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe.

13.7.3 An Chéim Oibríochta

Cé go ndéanfaidh na bearta maolaithe taifead ar chomhthéacs reatha na láithreán a mbeidh tionchar indíreach orthu, ní chuirfear deireadh leis an tionchar iarmharach a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na láithreáin seo:

- AH 15/BH 19 Caisleán Mhionlaigh - tar éis an mhaolaithe beidh drochthionchar indíreach measartha ag oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe ar an gcaisleán.

- AH 16/BH 10 Teach Samhraidh - tar éis an mhaolaithe beidh drochthionchar indéach measartha ag oibríocht na forbartha bóthair atá beartaithe ar an gcaisleán.

13.7.4 Tionchair Charnacha

Sainmhínítear tionchair charnacha mar chumasc de mhiontionchair a chruthaíonn tionchar mór amháin atá níos suntasaí (NRA, 2009 agus EPA, 2017). Nuair a thagraítear do thionchair charnacha pléitear na struis atá ar an gcomhshaol nádúrtha chomh maith le forbairtí atá ar siúl agus le forbairtí atá á bpleanáil.

Rinneadh measúnú ar na tionchair charnacha a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an oidhreacht seanálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha mar gheall ar na tionscadail agus na pleananna seo a leanas:

- Tionscadal Bóthair an N59 ón Teach Dóite go hUachtar Ard
- Tionscadal Bóthair an M17 ó Thuaim go Gaillimh
- Tionscadal Bóthair an N18 ó Órán Mór go dtí an Gort
- Seachbhóthar Thuama an N17
- Mótarbhealach an M6
- Méadú Calaidh Chuan na Gaillimhe
- Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS), lena n-áirítear:
 - Imscrúdú ar láithreáin ionchasacha lastoir den chathair do Phairceáil agus Taisteal
 - Glasbhealach Bhearna
 - Glasbhealach Ghaillimh - Uachtar Ard (cuid den bhealach- Gaillimh - An Clochán)
 - Rotharbhealach Chathair na Gaillimhe - Órán Mór (cuid den bhealach- Gaillimh - Baile Átha Cliath)
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017 - 2023
- Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 - 2021

Níor aithníodh aon fhorbairt bheartaithe a mbeidh tionchar suntasach diúltach carnach aici ar an acmhainn oidhreacht seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe san áireamh.

Mar gheall ar an nGlasbhealach Ghaillimh - Uachtar Ard (cuid den bhealach- Gaillimh - An Clochán) osclófar an líne iarnróid agus is féidir go ndeiseofar gnéithe a bhaineann leis an oidhreacht iarnróid. Beidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuid den bhealach iarnróid bunaidh ach a dtéann sé tríd an Daingean Íochtair. Tá codanna den líne iarnróid tógtha chun siúil le blianta anuas mar gheall ar ghníomhaíochtaí éagsúla, agus fágann sin go mbeidh tionchar carnach diúltach éigin ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar bhealach an bhealach iarnróid bhunaidh. Beidh tionchar dearfach ag an scéim Glasbhealach atá beartaithe ó Ghaillimh go hUachtar Ard ar oidhreacht chultúrtha an cheantair, agus bhaintí

amach drochthionchair charnacha gaolmhara a d'fhéadfaí a bheith ag baint leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon thionchair iarmharacha diúltacha aitheanta i ndáil le bealach an iarnróid mar a bhí.

13.8 Achoimre

Tá achoimre ar na láithreáin ar fad, ar na struchtúir, ar na tionchair fhéideartha agus ar an maolú beartaithe i **dTáblaí 13.21** go **13.26** thíos.

Beidh tionchar díreach trom, mar atá léirithe i **bhFíor 13.1.05** ar shéadchomhartha taifeadta amháin (AH 2) atá liostaithe mar Bhallán. Ach níor aimsíodh an ghné le linn iniúchta allamuigh agus níor aimsíodh é roimhe le linn suirbhé a rinneadh ag Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann. Beidh tionchar measartha freisin ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar láithreán cairéil (AH 27). Baineann an láithreán seo leis an tréimhse iarmheánaíochta agus is beag tábhacht seandálaíochta atá leis.

D'fhéadfaí drochthionchar díreach measartha, tábhachtach nó trom a bheith ag an suaitheadh talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar ghnéithe seandálaíochta, ar fhosuithe nó ar dhéantáin ar féidir leo maireachtáil faoin dromchla reatha, gan a bheith le feiceáil.

Beidh tionchar díreach trom ar struchtúr amháin atá faoi chosaint (BH 12). Sula dtógfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe, leagfar an foirgneamh seo- teachín ceann tuí aon stóir (tar éis suirbhé ailtireachta ag foireann chuícháilithe).

Beidh tionchar díreach tábhachtach ar an tírdhreach diméine a bhaineann le Caisleán Mhionlaigh (DL 8). Beidh tionchar díreach measartha ar an tírdhreach diméine ag An Daingean Íochtair (DL 7) agus ag Teach Pháirc na Sceach (DL 4). Cé go mbeidh tionchar díreach ar Theach Rathúin (BH 2) beidh sé do-bhraite mar gheall ar nádúr forbartha na timpeallachta.

Aithníodh 12 thionchar dhíreacha thábhachtacha ar láithreáin nó ar struchtúir neamhthaifeadta a bhfuil tábhacht chultúrtha ag baint leo; tá naoi dtionchar dhíreacha mheasartha i gceist freisin.

Aithníodh 12 limistéar ar fad le fiúntas seandálaíochta le linn an mheasúnaithe seo. Is limistéir iad ina bhfuil bogach agus sruthchúrsaí, agus táthar ar an eolas go raibh gníomhaíocht dhaonna ansin san am atá thart. D'fhéadfaí drochthionchar measartha, tábhachtach nó díreach trom a bheith ag an suaitheadh talún a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar ghnéithe seandálaíochta, ar fhosuithe nó ar dhéantáin ar féidir leo maireachtáil faoin dromchla reatha nó faoi leibhéal an uisce laistigh de na AAPanna sainithe.

Trasnófar 33 Theorainn Bhailte Fearainn ar fad ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Dúradh go mbeidh an tionchar ar na teorainneacha seo díreach agus measartha mar gheall ar an gcéatadán beag de ghné a bheidh faoi thionchar.

Mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe cuirfear limistéar talún laistigh de bhaile fearainn Mhionlaigh ar leataobh i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg ialtóg - tá pobal ialtóg sa limistéar, féach **Caibidil 8, Bithéagsúlacht** le breis sonraí a fháil. Sa limistéar seo aithníodh roinnt láithreán lasmuigh de thimpeallacht ghilactha lorg na forbartha bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear Séadchomharthaí Taifeadta agus

Struchtúir faoi Chosaint (AH 9, AH 22, AH 38-41, BH 21, BH 22-27). Níltear ag súil le tionchair thuartha ar na láithreáin seo mar gheall ar an bhfeabhsú gnáthóige ag Mionlach.

Moladh clár tástála seandálaíochta, suirbhé seandálaíochta faoi uisce, suirbhéanna foirgníochta agus suirbhéanna ar theorainneacha bhailte fearainn chun na tionchair aitheanta a mhaolú ar an acmhainn seandálaíochta, ailtireachta agus chultúrtha le linn tógála. Déanfar na suirbhéanna beartaithe ar fad ag pearsanra cuícháilithe faoi threoir an Aire agus i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.

Ar na tionchair indéreacha oibríochta atá beartaithe tá drochthionchair shuntasacha ar an teach samhraidh scriosta ag An Daingean Íochtair (AH 15/BH 9) agus ar Chaisleán Mhionlaigh (AH 16/BH10). Tuairtar go mbeidh drochthionchair mheasartha ar láithreán taifeadta caisil (AH 29/ BH 17). Beidh tionchair indéreacha mheasartha ar theachín ceann tuí (BH 1) agus ar shéipéal (BH 7).

Beidh an leibhéal céanna tionchar ar na Tírdhreacha Deartha ag an gcéim oibríochta is a bheidh ag an gcéim thógála mar gheall ar na tionchair ar an suíomh. Beidh tionchair indéreacha ar dhá láithreán oidhreachta chultúrtha agus beidh tionchair indéreacha mheasartha ar sheacht gcinn. Ní bheidh tionchair indéreacha ar AAPanna ná ar Theorainneacha Bhailte Fearainn.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon tionchar beartaithe ar dheich láithreán AH, ar laithreán amháin DL agus ar thrí láithreán CH.

Beidh tionchar neodrach ar 14 láithreán AH; ar 10 láithreán BH; ar 4 láithreán DL agus ar 14 láithreán CH.

Moladh clár suirbhéanna chun taifead a dhéanamh ar thírdhreach reatha láithreán agus struchtúr a mbeidh tionchar indéreach tábhachtach nó measartha orthu. Déanfar é seo ag duine cuícháilithe nó ag foireann chuícháilithe faoi threoir an Aire i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le Seandálaí Tionscadail de chuid TII.

Tábla 13.21: Oidhreacht Seandálaíochta (AH): Achoimre ar na láithreáin, ar na tionchair agus ar an maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
AH 1	GA093-009	Na Foraí Maola Thiar	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	0+500	9m soir	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 2	GA082-077	Rathún	Ballán	6+850	0m	RMP	Díreach	Drochthionchar Trom	Tástáil seandálaíochta roimh thógáil
AH 3	GA082-040	An Daingean Íochtair	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	8+350	57m soir ó dheas	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 4	GA094-047	Rathún	Teach (Teach Rathúin) BH 18 chomh maith)	Bóthar Ceangail an N59 ó dheas 3+350	153m soir ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 5	GA094-056	Rathún	Gné Thírdhreach Deartha	Bóthar Ghort na Bró	61m siar ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 6	GA082-104	Páirc na Sceach	Imfhálú	9+100	195m siar ó thuaidh	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 7	GA082-032	An Daingean Íochtair	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	8+750	86m soir ó thuaidh	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
AH 8	GA082-039	An Daingean Íochtair	Lisín	8+850	60m soir ó thuaidh	RMP	Indíreach	Do-bhraite diúltach	Ní gá maolú
AH 9	GA082-087	Mionlach	Clachan	9+800	Díreach ó thuaidh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtoga. 573m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 10	GA082-041	An Daingean Íochtair	Tobar	8+650	173m soir-soir ó dheas	Níl tionchar	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 11	GA082-033	An Daingean Íochtair	Feart	8+700	198m soir ó dheas	RMP	Indíreach	Beag diúltach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 12	GA082-036	An Daingean Íochtair	Láthair Tí (Teach an Daingin)	9+150	90m siar ó thuaidh	RMP	Indíreach	Tionchar beag diúltach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
AH 13	GA082-085	An Daingean Íochtair	Gné Thírdhreach Deartha	9+050	112m soir-soir ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 14	GA082-038	An Daingean Íochtair	Gné Thírdhreach Deartha	9+150	140m soir ó dheas	RMP	Indíreach	Drochthionchar do-bhraite	Ní gá maolú
AH 15	GA082-037	An Daingean Íochtair	Teach samhraidh (BH 9 chomh maith)	9+300	72m soir ó dheas	RMP	Indíreach	Drochthionchar suntasach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 16	GA082-064/001	Mionlach	Teach- 17ú haois, Caisleán, neamhrangaithe (BH10 chomh maith)	9+375	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 140m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe	RMP	Indíreach	Drochthionchar suntasach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 17	GA082-100	Mionlach	Carnán réitigh	9+500	Laistigh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar	Níl tionchar	Neodrach	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
					ghnáthóg d'ialtoga. 167m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe				
AH 18	GA082-031	Cúil Each	Imfhálú	11+350	0m	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 19	GA082-095	Cúil Each	Ráth	11+400	0m	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 20	GA082-003	Baile an Dúlaigh	Cairéal	12+025	81m ó thuaidh	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 21	GA082-004	Baile an Dúlaigh	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	12+200	131m soir-soir ó thuaidh	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 22	GA082-060	Mionlach	Gallán (BH 23 chomh maith)	9+850	68m ó thuaidh den ghnáthóg atá beartaithe. 530m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	RMP	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
AH 23	GA082-023	An Caisleán Gearr	Teach Pobail (suíomh) (BH 14 chomh maith)	13+075	80m ó thuaidh	RMP	Indíreach	Drochthionchar beag	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 24	GA082-026	An Caisleán Gearr	Taifead iomarcach: neamh-sheaniarsma	12+975	0m	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 25	GA082-021	An Caisleán Gearr	Túrtheach (BH 13 chomh maith)	12+950	220m ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 26	GA082-022	An Caisleán Gearr	Lisín	13+500	73m siar ó dheas	RMP	Indíreach	Drochthionchar beag	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 27	GA082-072	An Pháirc Mhór	Cairéal	14+000	0m	Níl tionchar	Díreach	Drochthionchar measartha	Tástáil seandálaíochta roimh thógáil
AH 28	GA082-016	Baile an Bhriotaigh	Grúpa cloch aimhrialta	14+850	124m siar ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 29	GA082-011/001-2	Baile an Bhriotaigh	Caiseal, uaimh thalún, lisín (BH 17 chomh maith)	15+150	40m siar ó dheas	RMP	Indíreach	Drochthionchar measartha	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
AH 30	GA082-017	Baile an Bhriotaigh	Créfort	Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na	0m	RMP	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
				Gaillimhe Thoir					
AH 31	GA082-015	Baile an Bhriotaigh	Gné Thírdhreach Deartha	Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	57m ó dheas	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 32	GA082-012002	Baile an Bhriotaigh	Lonnaíocht mheánaoiseach thréigthe	14+500	226m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 33	GA082-012001	Baile an Bhriotaigh	Túrtheach (BH 16 chomh maith)	14+500	250m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 34	GA082-014	Baile an Bhriotaigh	Imfhálú	15+050	110m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó	RMP/ Ordú Caomhnaithe	Neodrach	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
					Chathair na Gaillimhe Thoir				
AH 35	GA082-013/001	Baile an Bhriotaigh	Ráth & Teach (dáta neamhaithnid)	15+050	165m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na Gaillimhe Thoir	RMP/ Ordú Caomhnaithe	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 36	GA082-043/001-4	Dabhach Uisce	Fulacht fia	16+400	0m	RMP	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 37	GA082-044	Dabhach Uisce	Bóthar	16+350	43m siar-siar ó dheas	RMP	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
AH 38	GA082-063	Mionlach	Gné Thírdhreach Deartha	9+550	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 448m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
AH 39	GA082-062	Mionlach	Gné Thírdhreach Deartha	9+650	Laistigh den limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 448m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	Níl tionchar	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 40	GA082-061	Mionlach	Reilig	9+600	Gar don limistéar atá beartaithe i gcomhair feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 577m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.	RMP	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú
AH 41	GA082-070	Mionlach	Teach geata (BH 21 chomh maith)	9+750	50m thoir den limistéar atá beartaithe i gcomhair	RMP	Gan Tionchar	N/B	Ní gá maolú

Uimh. AH:	Uimh. RMP:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair Féideartha	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
					feabhsaithe ar ghnáthóg d'ialtóga. 406m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.				

Tábla 13.22: Oidhreacht Thógtha (BH): Achoimre ar na láithreáin, ar na tionchair agus ar an maolú

Uimh. BH:	Uimh.RPS:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	NIAH	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
BH 1	6302	Mionchluain	Teachín ceann tuí	6+150	53m siar ó thuaidh	Níl	Tá	Indíreach	Drochthionchar measartha	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 2	6301	Mionchluain	Teachín ceann tuí	6+400	183m soir ó dheas	Níl	Tá	Indíreach	Drochthionchar beag	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 3 ³⁵	2001	Barr na Crannaí	Galláin geata	8+450	Cóngarach	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
BH 4	2901	Barr na Crannaí	Teachín ceann tuí	8+450	6m siar ó dheas	Tá	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
BH 5	1504	Baile an Cheantaigh	Teach Pháirc na Sceach	Bóthar Ceangail an N59 ó thuaidh 0+000	60m soir ó thuaidh	Tá	Tá	Indíreach	Drochthionchar beag	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 6	1503	An Bealach	Teachín ceann tuí	Bóthar Ceangail an N59 ó thuaidh 0+050	124m siar ó thuaidh	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú

35 Níl aon fhianaise ar ghalláin geata ag an suíomh seo

Uimh. BH:	Uimh.RPS:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	NIAH	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
BH 7	1501/02	An Bealach	Séipéal	Bóthar Ceangail an N59 ó thuaidh 0+060	20m soir ó dheas	Tá	Tá	Indíreach	Drochthionchar measartha	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 8 ³⁶	3003	An Bealach	Iarsmaí caisil	8+950	184m soir-soir ó thuaidh	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
BH 9	3001	An Daingean Íochtair	Teach samhraidh (BH 15 chomh maith)	9+300	72m soir ó dheas	Níl	Tá	Indíreach	Drochthionchar suntasach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 10	5702	Mionlach	Caisleán Mhionlaigh (AH 16 chomh maith)	9+350	140m siar ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe	Tá	Tá	Indíreach	Drochthionchar suntasach	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 11	2402	Cúil Each	Teachín ceann tuí	10+750	63m siar ó thuaidh den fhorbairt atá beartaithe ag Cairéal an Leacaigh	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú

36 Níl aon fhianaise ar an gcineál sin láithreáin ag an suíomh seo

Uimh. BH:	Uimh.RPS:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	NIAH	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
BH 12	1703	An Caisleán Gearr	Teachín ceann tuí	12+875	0m	Tá	Tá	Díreach	Drochthionchar trom	Suirbhé iomlán tomhaiste, Taifead fótagrafach agus i scríbhinn roimh thógáil
BH 13	1701	An Caisleán Gearr	Túrtheach (AH 25 chomh maith)	12+950	220m ó dheas	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú
BH 14	1702	An Caisleán Gearr	Teach Pobail (suíomh) (AH 23 chomh maith)	13+100	80m ó thuaidh	Níl	Tá	Indíreach	Drochthionchar beag	Taifead fótagrafach agus i scríbhinn ar an tírdhreach roimh thógáil
BH 15	7601	An Pháirc Mhór	Dhá theachín i bhfothracha	13+800	99m siar ó dheas	Níl	Tá	Indíreach	Drochthionchar do-bhraite	Ní gá maolú
BH 16	701	Baile an Bhriotaigh	Túrtheach (AH 33 chomh maith)	14+500	250m soir ó thuaidh d'Acomhal Pháirc Ghnó Chathair na	Níl	Tá	Neodrach	N/B	Ní gá maolú

Uimh. BH:	Uimh.RPS:	Baile Fearainn	Rangú:	Neas-Sl.	Fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe	NIAH	Cosaint reachtúil	An Cineál Tionchair	An Leibhéal Tionchair Féideartha	Maolú
